Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7119/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0266 (COD)**

**TRANS 129**
**CLIMA 116**
**CODEC 402**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an seasamh ón gComhairle i ndáil leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair (‘CountEmissionsEU’) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 121 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 121 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.3.2026
COM(2026) 121 final

2023/0266 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i ndáil leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair (‘CountEmissionsEU’)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

2023/0266 (COD)

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i ndáil leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair ('CountEmissionsEU')**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tarchuireadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2023) 441 final – 2023/0266 COD): | an 11 Iúil 2023. |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | an 25 Deireadh Fómhair 2023. |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | an 10 Aibreán 2024. |
| An dáta a tarchuireadh an togra leasaithe: | Neamhbhainteach. |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | an 26 Feabhra 2026. |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún creat coiteann de chuid an Aontais a leagan síos chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) ó sheirbhísí iompair ar fud na modhanna iompair a chur san áireamh. Is é is cuspóir don togra aonfhoirmeacht, inchomparáideacht agus trédhearcacht a áirithiú maidir le faisnéis faoi astaíochtaí chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) tacú le gnólachtaí agus tomhaltóirí roghanna níos inbhuanaithe a dhéanamh; (ii) feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh; agus (iii) rannchuidiú le cuspóirí aeráide an Aontais agus comhréireacht do ghnólachtaí á háirithiú an tráth céanna, go háirithe do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna).

---

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, caomhnaítear croí-ailtireacht agus cuspóirí an togra ón gCoimisiún agus léirítear an tráth céanna an comhaontú sealadach ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa an 5 Samhain 2025. Is é is cuspóir don seasamh ón gComhairle creat dlíthiúil cothrom infhorfheidhmithe a chur ar fáil lena ndéanfar an méid seo a leanas:

- coinnítear caighdeán EN ISO 14083 mar an mhodheolaíocht tagartha chun astaíochtaí seirbhísí iompair a ríomh, agus déantar foráil an tráth céanna maidir le hathbhreithniú agus soiléiriú a d'fhéadfaí a dhéanamh air más gá;
- seachnaítear ceanglais tuairiscithe shainordaitheacha nua agus oibleagáidí chun sonraí príomhúla a úsáid chun astaíochtaí a ríomh a fhorchur ar ghnólachtaí, agus an tráth céanna tugtar cead do na Ballstáit úsáid na sonraí sin ar a gcríocha a shainordú agus a dhreasú;
- tugtar de chumhacht don Choimisiún bunachair sonraí luacha réamhshocraithe a chruthú ar leibhéal an Aontais, agus na rialacháin ábhartha atá ann cheana á gcur san áireamh, agus leagtar síos rialacha maidir le measúnú a dhéanamh ar shonraí ó bhunachair sonraí agus ó uirlisí ríofa arna n-oibriú ag tríú páirtithe;
- cuirtear tacaíocht phraiticiúil ar fáil do FBManna trí cheangal a chur ar an gCoimisiún uirlis ríofa de chuid an Aontais atá simplí agus saor in aisce lena húsáid a fhorbairt mar aon le lámhleabhar a ghabhann léi (tá sonraíochtaí teicniúla na huirlise le leagan amach i ngníomh cur chun feidhme);
- leagtar síos amlínte soiléire réasúnta maidir le bunachair sonraí, forbairt uirlisí agus na bearta dearbhaithe cáilíochta is gá chun ullmhacht oibríochtúil a áirithiú;
- sanntar cumhachtaí don Choimisiún chun gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha síos in Airteagal 290 agus Airteagal 291 CFAE;
- cuirtear siar aon chinneadh a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le síntí modheolaíochta faoi chlásal athbhreithnithe, cuirtear de chúram ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí idirnáisiúnta agus ar indéantacht síntí den sórt sin 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin;
- foráiltear go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar aon saincheist a bhaineann le hinrochtaineacht chaighdeán EN ISO 14083 i gcomhthéacs mheastóireacht an Rialacháin.

## 4. CONCLÚID

Is díol sásaimh don Choimisiún toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí agus, dá bhrí sin, is féidir leis glacadh leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh.